

An Garda Síochána



Tuarascáil Bhliantúil an Gharda Síochána don bhliain 2017 i gcomhréir le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon nochtadh cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus na gníomhartha a glacadh (más ann dóibh). Níor cheart go ndéanfaidh daoine nochtadh inaitheanta mar thoradh ar an tuarascáil seo.

Cumhdaíonn tuarascáil bhliantúil seo an Gharda Síochána an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017

Rinneadh aon nochtadh cosanta déag (11) leis an nGarda Síochána i gcaitheamh na tréimhse atá cumhdaithe ag an tuarascáil seo.

- Tá sé cinn (6) á n-imscrúdú faoi láthair.
- Teastaíonn comhairle dlí/faisnéis bhreise ó thrí cinn (3).
- Níor theastaigh measúnú ó dhá cheann (2) agus rinneadh iad a réiteach go háitiúil.